

Achoimrítear sa mhionteagasc seo príomhthorthaí na tuarascála taighde *Cúrsaí Oibre agus Bochtaineachta in Éirinn: Anailís ar an Suirbhé ar Ioncam agus ar Dhálaí Maireachtála 2004 - 2010*. Scrúdaigh an tuarascáil taighde dáileadh na hoibre in Éirinn agus an gaol idir sin agus an bhochtaineacht. Clúdaítear ann an tréimhse idir 2004 agus 2010, an tráth ar tháinig athruithe móra ar an ngeilleagar, idir bhorradh láidir agus chúlú domhain.

Scrúdaítear sa staidéar dhá cheann de na príomhtháscairí oibre: teaghlaigh gan obair agus bochtaineacht i measc daoine fostaithe. Soláthraíonn na táscairí sin léargas nua ar ról na hoibre i gcosc na bochtaineachta i dteaghlaigh in Éirinn.

Taighde tráthúil is ea é ós rud é gur shocraigh an Rialtas fospríoc sa bhliain 2012 chun bochtaineacht i dteaghlaigh gan obair a laghdú mar chuid den sprioc shóisialta náisiúnta um laghdú na bochtaineachta.

Cuireadh an tuarascáil ar fáil mar chuid de chlár taighde na Roinne Coimirce Sóisialaí/na hInstitiúide Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta i dtaca le monatóireacht a dhéanamh ar threochtaí bochtaineachta.

Na Príomhthorthaí

- Tá treocht aníos le sonrú ó thosaigh an cúlú i gcéatadán na ndaoine a chónaíonn i **dteaghlaigh gan obair**, ag méadú ó 15 faoin gcéad sa bhliain 2007 go 22 faoin gcéad sa bhliain 2010.
- Sa bhliain 2010 bhí a dhá oiread teaghlaigh gan obair in Éirinn agus a bhí san AE-15 ar an meán. Is í an RA an chéad tír eile, agus 13 faoin gcéad an ráta acu siúd.
- Léiriú ar fhadhb struchtúrach is ea an ráta ard de theaghlaigh gan obair. Ráta ard dífhostaíochta i measc daoine fásta is ea cuid den chúis leis. Cúis eile ná gur dóichí ná a mhalairt go mbeidh duine fásta gan obair ina chónaí le leanaí seachas le duine fásta atá ag obair.
- Is dóichí ná a mhalairt i gcás daoine a chónaíonn i dteaghlach gan obair nár oibrigh an duine is sinsearaí sa teaghlach riamh; go bhfuil sé/sí san aicme obair láimhe neamhoilte/seirbhísí; nach bhfuil aon cháilíocht oideachais aige/aici; go bhfuil sé/sí faoi mhíchumas; go gcónaíonn sé/sí ina (h)aonar nó gur tuismitheoir aonair é/í.
- Cónaíonn aon cheathrú de pháistí i dteaghlaigh gan obair, rud a d'fhéadfadh a bheith ina údar le dífhostaíocht agus bochtaineacht a bheith á dtabhairt ar aghaidh ó ghlúin go glúin.
- Go dtí seo, d'éirigh le haistrithe sóisialta maolú a dhéanamh ar bhochtaineacht ioncaim i dteaghlaigh gan obair; ach tá ceangal láidir ann fós le tomhais eile bochtaineachta. Lena chois sin, cónaíonn dhá thrian díobh sin atá bocht go leanúnach i dteaghlaigh gan obair.
- Ba cheart teaghlaigh gan obair a aithint mar thoisc riosca maidir le bochtaineacht agus le heisiamh sóisialta agus mar ghrúpa ar gá idirghabháil beartais agus tacaíocht spriocdhírithé a cheapadh dóibh.
- Níl sna daoine atá bocht ach fostaithe ach cion beag, is é sin 8%, den daonra fostaithe. Ach is ionann iad agus trian nach mór de na daoine fásta a bhfuil ioncam íseal acu. Ar an iomlán, ní grúpa faoi mhíbhuntáiste mór iad daoine atá bocht ach fostaithe

Réamhrá

Bhain an taighde leas as sonraí ón *Suirbhé ar Ioncam agus ar Dhálaí Maireachtála* (SILC) idir 2004 agus 2010 chun léargas nua a fháil ar an ngaol idir an obair, an dífhostaíocht agus an bhochtaineacht. Tá níos mó airde á tabhairt ar an ngaol sin i bhfianaise chúlú an gheilleagair agus méadú a bheith tagtha ar dhífhostaíocht dá bharr.

Scrúdaítear sa taighde dhá cheann de phríomhtháscairí beartais a úsáideann an tAontas Eorpach (AE) agus an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (OECD). Is iad teaghlaigh gan obair an chéad táscaire, a thomhaistear de réir déine oibre teaghlaigh (Bosca 1). An dara táscaire ná bochtaineacht i measc fostaithe, a thomhaistear de réir bheith i mbaol bochtaineachta (Bosca 2). Díríonn an dá thomhas ar dhaoine fásta in aois oibre. Áirítear leanaí spleáchá ar an táscaire a bhaineann le teaghlaigh gan obair.

Díríonn beartas na hÉireann agus an AE go láidir ar an obair mar an tslí amach is fearr as an mbochtaineacht. Tosca criticiúla le go n-éireadh leis an gcur chuige sin is ea an obair a bheith dailte go cothrom i measc teaghlach, agus dóthain tuillimh agus tacaíochtaí eile a bheith ar fáil chun teaghlaigh ina bhfuil duine ag obair a ardú as an mbochtaineacht.

Le gairid aithníodh teaghlaigh gan obair mar phríomhtháscaire sóisialta, ó thaobh spríoc bhochtaineachta an AE agus ó thaobh na sprice náisiúnta um laghdú na bochtaineachta araon. Ar aon dul leis sin, ghlac an AE le bochtaineacht i measc fostaithe mar tháscaire oifigiúil agus monatóireacht á déanamh ar threochtaí bochtaineachta.

Tugtar sa mhionteagasc taighde seo torthaí na tuarascála ar na saincheisteanna seo a leanas:

1. An fáth a bhfuil ráta na dteaghlach gan obair chomh hard sin in Éirinn

2. Cé atá ina gcónaí i dteaghlaigh gan obair
3. An gaol idir teaghlaigh gan obair agus an bhochtaineacht
4. An tábhacht atá le bochtaineacht i measc fostaithe
5. Impleachtaí an taighde do cheapadh beartais.

Bosca 1: Teaghlaigh gan obair a thomhas de réir déine oibre an teaghlaigh

Tomhaistear **teaghlaigh gan obair** de réir déine oibre an teaghlaigh (DO). Ciallaíonn déine oibre an cóimheas idir líon na míonna a d'oibrigh gach duine atá in aois oibre sa teaghlach sin an bhliain roimhe sin agus líon iomlán na míonna a d'fhéadfadh baill an teaghlaigh sin a oibriú go teoiriciúil. Miondealaítear déine oibre ina chúig chatagóir, bunaithe ar an méid ama a chaitear ag obair.

DO an-íseal	< 20 faoin gcéad
DO íseal	20 faoin gcéad go < 45 faoin gcéad
DO meánach	45 faoin gcéad go < 55 faoin gcéad
DO ard	55 faoin gcéad go < 85 faoin gcéad
DO an-ard	85 faoin gcéad go < 100 faoin gcéad

Teaghlach gan obair is ea teaghlach a bhfuil déine oibre an-íseal aige (.i. faoi bhun an 20 faoin gcéad d'am infhaighte an duine fhásta a bheith caite ag obair), ar aon dul le táscaire 'cuimsiú sóisialta' an AE.

Sainítear duine in aois oibre mar dhuine idir 18 agus 59 mbliana d'aois, seachas mic léinn idir 18 agus 24 bliana d'aois. Áirítear déine oibre na mball in aois oibre maidir le gach páiste agus mac léinn a chónaíonn sa teach sin, ach amháin iad siúd atá 60+ bliain d'aois.

Bosca 2: Bochtaineacht i measc fostaithe a thomhas de réir thairseach i mbaol na bochtaineachta


Tomhaistear bochtaineacht i measc fostaithe ar leibhéal aonair. Ciallaíonn sé céatadán na ndaoine fásta atá ag obair i láthair na huaire, bíodh sé go lánaimseartha nó go páirtaimseartha, agus a bhfuil ioncam acu atá faoi bhun na tairisí i mbaol na bochtaineachta (a socraíodh ag 60 faoin gcéad den ioncam meánach). Sa tuarascáil, ní thomhaistear ach daoine fásta fostaithe idir 18 agus 59, ionas go mbainfidh an dá tháscaire leis an ngrúpa céanna de dhaoine fásta.

Roinn 1: An fáth a bhfuil ráta na dteaghlach gan obair chomh hard sin in Éirinn

Tháinig méadú géar ar líon na ndaoine i dteaghlach gan obair (.i. déine oibre an-íseal) in Éirinn tar éis thús an chúlaithe sa bhliain 2008. Taispeánann Figiúr 1 ráta dífhostaíochta ag méadú ó 13 faoin gcéad sa bhliain 2004 go 22 faoin gcéad sa bhliain 2010. Ach bhí ráta ard dífhostaíochta ag Éirinn i gcomparáid le tíortha eile an AE, fiú i mbliain bhorrtha 2007 agus roimhe sin.

Feicimid ó Fhigiúr 1 gur tháinig méadú ar chéatadán na ndaoine a bhí ina gcónaí i dteaghlach ina raibh déine íseal oibre de réir mar a lean an cúlú ar aghaidh (déine oibre idir 20 agus 45 faoin gcéad), ó 7 faoin gcéad sa bhliain 2007 go 12 faoin gcéad sa bhliain 2010. Ag an am céanna, thit céatadán na ndaoine a bhí ina gcónaí i dteaghlach mar a raibh daoine fostaithe go lánaimseartha (ó 31 faoin gcéad go 24 faoin gcéad).

Figiúr 1: Treochtaí i ndéine oibre 2004-2010



Athruithe i bpatrúin oibre i dteaghlach lánúine is cúis le mórchuid den athrú seo ar dhéine oibre. Trí cheathrú nach

mór de na daoine fásta in aois oibre agus de na páistí faoi 18 mbliana d'aois is ea iad sin. De thoradh na n-athruithe sin feictear athrú ó shamhail thraidisiúnta an tsaothraí fhireann (fear ag obair go lánaimseartha, bean gan phost). Thit líon na dteaghlach le saothraí fireann ó 31 faoin gcéad de lánúin sa bhliain 2004 go 23 faoin gcéad sa bhliain 2010. Idir an dá linn d'fhás céatadán na dteaghlach gan duine ar bith ag obair iontu ó 9 faoin gcéad sa bhliain 2004 go 15 faoin gcéad sa bhliain 2010.

Ag an am céanna, mhéadaigh spleáchas ar íocaíochtaí leasa i measc daoine fásta in aois oibre, go háirithe cuardaitheoirí poist, daoine atá breoite nó faoi mhíchumas, agus cúramóirí.


Is airde ráta na dteaghlach gan obair in Éirinn ná in aon cheann de bhallstáit eile an AE-15. Sa bhliain 2010, ba é 22 faoin gcéad ráta na hÉireann, i gcomparáid le 13 faoin gcéad sa chéad tír eile, an RA.

Cuid den chúis le ráta ard na hÉireann ná an leibhéal ard dífhostaíochta i measc daoine in aois oibre. Bhí an ráta ab airde de neamhghníomhaíocht eacnamaíochta san Eoraip ag Éirinn sa bhliain 2009. Ba é sin 42% de dhaoine in aois oibre.

Thaispeáin an anailís go bhfuil tosca eile a bhaineann le comhdhéanamh an teaghlach le cur san áireamh in Éirinn: níl ach tuairim is leath de na daoine fásta in aois oibre atá gan phost ina gcónaí le duine a bhfuil post aige nó aici

-- sin ceann de na rátaí is ísle san AE; agus formhór na ndaoine fásta i dteaghlaigh gan obair, is le leanaí a chónaíonn siad (56 faoin gcéad), rud is ionann le dhá oiread an ráta i dtíortha an AE-15 (Figiúr 2).

Figiúr 2: Céatadán na ndaoine fásta a chónaíonn i dteaghlaigh gan obair ina bhfuil páistí, 2009



Roinn 2: Cé atá ina gcónaí i dteaghlaigh gan obair?

Ceann de na tosca riosca is láidre maidir le déine oibre an-íseal ná infhostaitheacht an chinn teaghlaigh (ar nós an leibhéil oideachais) chomh maith le struchtúr an teaghlaigh.

Figiúr 3: Tosca riosca na dteaghlach gan obair

An ceann teaghlaigh

- ní raibh post aige/aici riamh
- tá sé in aicme shóisialta na n-oibrithe neamhoilte/seirbhíse
- níl aon cháilíocht oideachais aige/aici.
- ina chónaí i gcóiríocht ar cíos ceachtar tithíocht shóisialta, údarás áitiúil nó príobháideach

An duine fásta

- tá sé/sí faoi mhíchumas.

Cineál an teaghlaigh

- teaghlach aon duine
- teaghlach aontuismitheora

Bíonn tionchar mór ach ní tionchar críochnaitheach ag na tosca riosca seo ar phróifíl na dteaghlach gan obair. Mar shampla, cónaíonn leath de na daoine gan obair i dteaghlaigh inar duine pósta é an duine tagartha. Cónaíonn an céatadán céanna nach mór i dteaghlaigh de bheirt daoine fásta agus leanbh amháin nó níos mó. Daoine fásta faoi mhíchumas is ea ocht mbliana déag faoin gcéad díobh sin agus daoine a chónaíonn i dteaghlach mar a bhfuil duine fásta amháin nó níos mó faoi mhíchumas is ea 41 faoin gcéad díobh. In aon trian nach mór de chásanna, ní

raibh cáilíocht oideachais ag an gceann teaghlaigh, sin nó ní raibh post aige nó aici.

Cónaíonn aon cheathrú de leanaí na tíre i dteaghlaigh gan obair, agus is ionann iad agus aon trian de dhaonra na dteaghlach gan obair. Tarraingíonn sin anuas an baol go bhféadfaí dífhostaíocht agus bochtaineacht a thabhairt ar aghaidh ó ghlúin go glúin. Tosca riosca tábhachtach ó thaobh bochtaineacht leanaí de is ea cónaí i dteaghlach gan obair.

Idir 2004 agus 2010 tháinig méadú ar chéatadán na gceann teaghlaigh gan obair (ó 19 faoin gcéad go 31 faoin gcéad). Rud eile ná gur cosúil go ndearnadh próifíl na dteaghlach gan obair a 'phríomhshruthú' beagán, de réir mar a tharraing an cúlú líon níos mó teaghlach isteach i gcatagóir na ndaoine le déine íseal oibre.

Rinne an anailís comparáid idir na difríochtaí idir daoine fásta neamhghníomhacha a chónaíonn i dteaghlach gan obair agus daoine fásta neamhghníomhacha a chónaíonn in éineacht le duine atá ag obair. Ceist thábhachtach é sin ó thaobh cibé an gá beartais chun fostaíocht a chur ar aghaidh a chur in oiriúint le cinntiú go dtéann siad chun tairbhe daoine a chónaíonn i dteaghlaigh gan obair.

Fuarthas amach ón anailís go raibh difríocht mhór idir próifílí an dá ghrúpa. Bhí pátrún míbhuntáiste, idir

mhíbhuntáiste oideachais agus mhíbhuntáiste ó thaobh aicme shóisialta de, níos suntasaí ag daoine fásta i dteaghlaigh gan obair. I gcomparáid le daoine fásta neamhghníomhacha a chónaíonn le duine a bhfuil post acu, is dócha ná a mhalairt nach mbeidh cáilíocht oideachais ag duine fásta i dteaghlach gan obair, nár oibrigh sé nó


sí riamh agus go mbaineann siad le haicme shóisialta na ndaoine neamhoilte nó na n-oibrithe láimhe. Is dócha ná a mhalairt go bhfuil cóiríocht ar cíós acu, seachas cóiríocht dá gcuid féin, agus go bhfuil siad faoi mhíchumas nó ina gcónaí le duine atá faoi mhíchumas.

Roinn 3: An gaol idir teaghlaigh gan obair agus an bhochtaineacht

Is airde an ráta sa bhliain 2010 i mbaol na bochtaineachta i gcás iad siúd atá i dteaghlaigh gan obair (34 faoin gcéad) nó a bhfuil déine íseal oibre acu (22 faoin gcéad) ná i dteaghlaigh ina bhfuil déine oibre meánach (16 faoin gcéad), ard (8 faoin gcéad) nó an-ard (4 faoin gcéad). Tá an pátrún níos soiléire fós nuair a fhéachtar ar bhochtaineacht leanúnach (an forluí idir bheith i mbaol na bochtaineachta agus bheith díothaithe go bunúsach).

Léiríonn Figiúr 4 an scair den daonra i mbochtaineacht leanúnach ag déine obair tí in 2010. Cuimsíonn an-íseal theaghlaigh déine oibre beagnach dhá thrían díobh siúd go léir i mbochtaineacht leanúnach, cinneadh a bhfuil tábhacht mhór le haghaidh a bhaint amach an sprioc náisiúnta sóisialta do laghdú na bochtaineachta. Tá sé seo nasctha lena riosca bochtaineachta ard (20 faoin gcéad).

Figiúr 4: Bochtaineacht leanúnach de réir déine oibre teaghlaigh, SILC 2010




Fíor 4 taispeántar freisin go bhfuil níos mó 21 faoin gcéad de dhaonra na bochtaineachta i dteaghlaigh oibre íseal déine (chomh maith le riosca bochtaineachta ard ag 12 faoin gcéad). De réir déine gcodarsnacht leis sin, oibre ard agus an-comhdhéanta teaghlaigh déine ard oibre ach 4 faoin gcéad agus 2 faoin gcéad den daonra i mbochtaineacht leanúnach faoi seach, rud a léiríonn a riosca bochtaineachta an-íseal (1 faoin gcéad).

Díol suntais eile is ea é ráta bochtaineachta leanúnaí na bpáistí i dteaghlaigh gan obair a bheith 22 faoin gcéad. Rud eile de, tá beagnach dhá thrían (63 faoin gcéad) de na leanaí atá bocht go leanúnach, cónaíonn siad sna teaghlaigh sin.

Léiríonn Figiúr 5 na rátaí i mbaol na bochtaineachta i dteaghlaigh gan obair idir na blianta 2004 agus 2010. An céatadán faoin tairseach 60 faoin gcéad (banda gorm), thit sé de leath nach mór (ó 70 faoin gcéad go 34 faoin gcéad). Is cosúil gurb é tionchar na n-aistrithe sóisialta is cúis leis sin ar fad; níl aon laghdú sa ráta i mbaol na bochtaineachta roimh an aistriú i gcás iad siúd a chónaigh i dteaghlaigh gan obair sa tréimhse. Ag an am céanna, dhúbail an céatadán idir na tairseacha 60 faoin gcéad agus 70 faoin gcéad (banda bándearg), (ó 13 go 26 faoin gcéad) agus dhúbail an céatadán os cionn na tairsí 70 faoin gcéad (banda turquoise) agus le cois (ó 17 go 39 faoin gcéad).

Figiúr 5: I mbaol na bochtaineachta (tairseacha 60 faoin gcéad agus 70 faoin gcéad) i gcás teaghlach gan obair, SILC 2004 & 2010



I gcomparáid le tíortha eile na hEorpa sa tréimhse sin, bhí aistrithe sóisialta in Éirinn i bhfad níos éifeachtaí ó thaobh an bhochtaineacht a laghdú.


Tá baint láidir idir déine oibre agus bundíothacht, ardleibhéal struis eacnamaíochta agus soghontacht eacnamaíochta. Níor thaispeáin na gaoil seo an claonadh céanna dul i laige le himeacht aimsire mar a chonacthas i gcás an táscaire i mbaol na bochtaineachta

Roinn 4: An tábhacht atá le bochtaineacht i measc fostaithe

Sa bhliain 2010, b'ionann agus 4 faoin gcéad den daonra idir 18 agus 59 bliain d'aois daoine a bhí bochta ach fostaithe, agus 8 faoin gcéad den daonra fostaithe, idir 18 agus 59 bliain d'aois. Ach is ionann iad agus trian nach mór (30 faoin gcéad) den daonra in aois oibre atá bocht.

Taispeánann Figiúr 6 an t-athrú a tháinig ar dháileadh an daonra in aois oibre trasna na gcatagóirí oibre agus bochtaineachta idir 2004 agus 2010. Tharla na hathruithe ba mhó tar éis thús an chúlaithe, idir 2007 agus 2010, agus is mó tionchar a bhí acu ar dhaoine nach raibh bocht go dtí sin ná ar dhaoine a bhí. Thit céatadán na ndaoine fásta fostaithe agus gan a bheith bocht (ó 63 faoin gcéad sa bhliain 2007 go 53 faoin gcéad sa bhliain 2010 – banda glas). Ag an am céanna, mhéadaigh céatadán na ndaoine fásta dífhostaithe gan a bheith bocht (ó 24 faoin gcéad sa bhliain 2007 go 32 faoin gcéad sa bhliain 2010 – banda bándearg).

Figiúr 6: Dáileadh an daonra in aois oibre trasna catagóirí oibre agus bochtaineachta, 2004 go 2010



I gcomparáid leis na hathruithe sin, ba bheag athrú a tharla i measc na mbocht. D'fhan céatadán na ndaoine a bhí dífhostaithe agus bocht sa raon idir 9 faoin gcéad agus 11 faoin gcéad ó cheann ceann na tréimhse. D'fhan an céatadán a bhí fostaithe ach bocht ag 4 faoin gcéad ó cheann ceann na tréimhse.

Is iad na príomhthosca riosca maidir le bheith fostaithe ach bocht ná:

- féinfhostaíocht (corrlach 6.2 i gcomparáid le bainisteoirí/gairmithe)

- bheith san aicme shóisialta neamhoilte (corrlach 2.5 i gcomparáid le bainisteoirí/gairmithe)
- bheith gan cáilíocht oideachais (corrlach 1.9 i gcomparáid le duine a bhfuil Ardteistiméireacht acu)
- bheith ag obair go páirtaimseartha (corrlach 2.0 i gcomparáid le duine atá fostaithe go lánaimseartha)
- bheith idir 55-59 bliana d'aois (corrlach 1.8 i gcomparáid le daoine atá 35-44 bliana d'aois)

Scrúdaíodh sa staidéar próifíl daoine a bhí fostaithe ach bocht agus fuarthas nach raibh siad faoi mhíbhuntáiste suntasach. Ní raibh ach duine amháin as gach ochtar díobh gan cáilíocht oideachais, bhí cáilíocht thríú leibhéal ag 39 faoin gcéad díobh agus bhí 44 faoin gcéad díobh féinhostaithe. Ba lú an dóchúlacht, leis, go mbeadh daoine a bhí bocht ach fostaithe ina gcónaí i dteaghlaigh a raibh tionchar mór ag dálaí eacnamaíochta orthu nó i dteaghlaigh a bhí díothaithe go bunúsach. I gcás grúpaí mar thuismitheoirí aonair agus daoine gan cáilíocht oideachais, an príomhdhúshlán ná post a fháil ar chor ar bith seachas an méid a thuilltear nó na coinníollacha oibre. I gcoitinne, bhí an chuma air go raibh daoine a bhí fostaithe ach bocht sa bhliain 2010 faoi mhíbhuntáiste níos lú (ó thaobh oideachais, bheith ag cónaí le duine fásta faoi mhíchumas, na huaireanta a oibríodh, aicme shóisialta) ná daoine a bhí fostaithe ach bocht sa bhliain 2004

Roinn 5: Impleachtaí beartais

Seo a leanas príomhimpleachtaí beartais na tuarascála:

- Ní mór aird a thabhairt ar dhífhostaíocht teaghlaigh mar thoisic riosca i dtaca le heisiamh sóisialta ann féin - go neamhspleách ar dhífhostaíocht. Tá an táscaire déine oibre níos leithne ná tomhas dífhostaíochta toisc go gcuirtear san áireamh ann stádas gníomhaíochta gach duine fásta sa teaghlach. Lena chois sin, ní míniú iomlán ar an ráta ard de theaghlaigh gan obair an ráta dífhostaíochta - tá tábhacht le tosca eile, ar nós socruithe maireachtála agus cineálacha eile stádais neamhghníomhaigh.
- Aithnítear i sprioc an Rialtais um laghdú na bochtaineachta an tábhacht a ghabhann le díriú ar theaghlaigh gan obair. Tá sé tábhachtach tacaíocht ioncaim a choimeád ar siúl dóibh siúd atá i dteaghlaigh gan obair (chun méadú ar bhochtaineacht leanúnach a sheachaint) go háirithe nuair a smaoinítear gur páistí faoi 18 nó daoine fásta faoi mhíchumas breis is leath díobh siúd a chónaíonn i dteaghlaigh gan obair.
- Ní mór béim a chur ar ghníomhachtú margaidh saothair i dteaghlaigh gan obair mar shlí le héalú as an mbochtaineacht san fhadtéarma. D'fhéadfadh sé bheith níos casta dul i gceann dífhostaíocht teaghlaigh le beartais ghníomhachtúcháin toisc go bhféadfadh raon níos leithne freagraí a bheith de dhíth ná mar a bhíonn i gcás dífhostaíocht i measc daoine ar an mBeochlár. Chomh maith le hoiliúint agus cúnamh chun post a chuardach, beidh gá le cúram leanaí agus seirbhísí nó tacaíochtaí ar leith do dhaoine faoi mhíchumas.
- Na samhlacha próifíle atá in úsáid faoi láthair chun cásanna tosaíochta a aithint chun críocha gníomhachtúcháin, ní mór iad a athchumrú chun an daonra iomlán gan obair i measc daoine fásta in aois oibre (lena n-áirítear faighteoirí an liúntais mhíchumais agus íocaíochtaí teaghlach aontuismitheora) le cois iad siúd atá ar an mBeochlár a chur ar áireamh ann. Rud eile nár mhiste a dhéanamh ná an daonra gan obair a phróifíliú ó thaobh bheith ullamh chun oibre, rud a shaineofaí ar shlí níos leithne ná riosca na dífhostaíochta fadtéarmaí.
- Níor mhór smaoinemh go cúramach ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag ioncam leasa shóisialaigh agus sochair chomhchineáil ghaolmhara a bhaint de dhaoine atá díreach tar éis post a fháil ar eagla go gcuirfeadh sé le méadú ar bhochtaineacht i measc fostaithe.
 - Údar imní ar leith is ea páistí a chónaíonn i dteaghlaigh gan obair toisc go bhféadfadh sé bochtaineacht idirghlúine a chothú. Tá freagairt chomhtháite ag teastáil bunaithe ar chur chuige ilghníomhaireachta. Go háirithe, ní mór cláir gníomhachtaithe a dhearadh chun a áirithiú gur féidir le tuismitheoirí páirt a ghlacadh. Ina theannta sin, is gá an ról atá ag cúram leanaí ar chumas tuismitheoirí a bheith rannpháirteach sa mhargadh saothair a chur san áireamh.. Bonn eolais faoin bhfreagairt sin a bheith i bhforbairtí ar leibhéal an AE, i bhfoirm Moladh an AE ar Dhul i nGleic le Bochtaineacht Leanaí a bheidh ag teacht ón AE go gairid, agus ar an leibhéal náisiúnta, i bhfoirm an Chreata

Beartais do Leanaí agus do
Dhaoine Óga.

Foilseacháin

Tá an tuarascáil taighde *Cúrsaí Oibre agus Bochtaineachta in Éirinn: Anailís ar an CSO Suirbhé ar Ioncam agus ar Dhálaí Maireachtála 2004-2010* foilsithe ar www.socialinclusion.ie agus ar www.esri.ie. Gheofar leagan Gaeilge den mhionteagasc taighde ar líne, leis.

Gheofar mionteagasc beartais ar an sprioc náisiúnta shóisialta um laghdú na bochtaineachta ar na suíomhanna gréasáin thuas.

Tagairtí

Gheofar tagairtí sa phríomhthuarascáil.

Is iad an Roinn Coimirce Sóisialaí agus an ESRI a chomh-mhaoiníonn an tuarascáil taighde dar teideal *Cúrsaí Oibre agus Bochtaineachta in Éirinn: Anailís ar an CSO Suirbhé ar Ioncam agus ar Dhálaí Maireachtála 2004-2010* mar chuid den tsraith Tuarascálacha ar Chuimsiú Sóisialta. Is iad na húdair atá freagrach as na tuairimí, na torthaí agus na moltaí a dhéantar sa tuarascáil, agus níl siad inchurtha i leith an ESRI, ar eagraíocht é nach nglacann seasamh beartais institiúide, ná i leith na Roinne. Is iad na taighdeoirí atá freagrach as cruinneas an taighde agus déanann piaraí athbhreithniú ar gach tuarascáil.

ISBN: 978-1-908109-15-6

An Roinn Coimirce Sóisialaí, Baile Átha Cliath, Éire 2012

